Preasráiteas 01.04.2022

D'fhógair Cill Dara le Gaeilge na buaiteoirí faoi Chomórtas na bhFuinneog inniu

Rinne *Cill Dara le Gaeilge* ceiliúradh ar *Sheachtain na Gaeilge* tríd *Comórtas na bhFuinneog* a reáchtáil do ghnóthaí an cheantair. An sprioc a bhí acu leis an gcomórtas seo ná go mbeadh an Ghaeilge níos feiceálaí sa cheantar i rith *Seachtain na Gaeilge*. Bhí an comórtas seo oscailte do gach gnó atá lonnaithe i Nás na Ríogh agus sna Solláin. Mhaisigh na gnóthaí na fuinneoga agus d'úsáid siad frásaí i nGaeilge ar nós "Bíodh lá deas agat" agus "Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh". Bhí na frásaí i nGaeilge nó dátheangach agus ansin sheol siad grianghraf dá bhfuinneog chuig lucht eagraithe an chomórtais.

Chuir *Cill Dara le Gaeilge* duaischiste de €1,000 ar fáil don chomórtas seo. Is iad *Barge Trip* atá lonnaithe sna Solláin a bhain sa chéad áit agus bronnfar duais de €500 orthu. Tháinig *Kbowl* atá lonnaithe i Nás na Ríogh sa dara háit agus gheobhaidh siad €300 agus is iad *Aroma Mocha* atá lonnaithe i Nás na Ríogh a tháinig sa tríú háit agus bronnfar €200 orthu. Déanaimid comhghairdeas ó chroí leo as a mbua. Táimid ag súil go gcuirfidh tuilleadh gnóthaí isteach ar an gcomórtas an bhliain seo chugainn.

Seo an méid a bhí le rá ag buaiteoir an chomórtais - Ger Loughlin, *Barge Trip*:

"Tá an-áthas orainn an chéad duais a bhuachan. Gabhann muid buíochas ar leith leis an ealaíontóir fuinneoige Laura Merren. Shocraíomar nuair a chuireamar isteach ar an gcomórtas dá mbuafaimis an comórtas go mbronnfaimis an duais airgid chun tacú le dídeanaithe ón Úcráin. Mar sin, is iontach an rud é a bheith in ann an t-airgead a bhronnadh ar Chumann Croise Deirge na hÉireann".

Sheol *Cill Dara le Gaeilge* an scéim *Gnó Chill Dara le Gaeilge* le déanaí. Tacaíonn an scéim seo le gnólachtaí a gcuid gnó a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as an nGaeilge in eispéireas a gcustaiméirí. Tá an scéim ar fáil d'aon ghnó sa chontae, ach díreofar ar cheantar Nás na Ríogh/Na Sollán ar an gcéad dul síos.

Cuirfear comhairliúchán ar fáil do na gnólachtaí in aisce chomh maith le hiniúchadh ar bhealaí nua chun a ngnó a chur chun cinn. Cuirfear comhairle ar na gnóthaí maidir le feachtais mhargaíochta saincheaptha ag baint úsáid as ardáin ar líne agus na meáin shóisialta. Beidh *Cill*

Dara le Gaeilge ar fáil le tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí sa chontae ar mian leo aitheantas náisiúnta a bhaint amach le ***Gradam Gnó*** leis an eagraíocht náisiúnta *Glór na nGael*. Aithníonn an scéim náisiúnta seo gnólachtaí a úsáideann an Ghaeilge mar chuid den ghnó nó a chuireann seirbhís trí Ghaeilge ar fáil.

Aithnítear agus tá cáil ar Chontae Chill Dara mar an contae leis an méadú is mó ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa tír. Tá deich scoil lán-Ghaeilge chomh maith le naíonraí, grúpaí pobail, eagraíochtaí éagsúla agus coláistí samhraidh ag feidhmiú trí Ghaeilge sa chontae anois. De réir dhaonáireamh náisiúnta 2016, is féidir le 85,426 duine Gaeilge a labhairt i gContae Chill Dara!

Tá *Cill Dara le Gaeilge* maoinithe ag an *Scéim Tacaíochta Gaeilge* atá ag *An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán*.

Tuilleadh Eolais:

Sarah Walsh, Cill Dara le Gaeilge: sarah@cilldaralegaeilge.ie / 045397320

Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo https://cilldaralegaeilge.ie/gno-chill-dara/.

Preasráiteas 01.04.2022

Cill Dara le Gaeilge announced the winners of Comórtas na bhFuinneog today

Cill Dara le Gaeilge celebrated *Seachtain na Gaeilge* by running comórtas na bhFuinneog for businesses in the area. Their goal with this competition was to make the Irish language more visible in the area during *Seachtain na Gaeilge*. This competition was open to all businesses based in Naas and Sallins. The businesses decorated the windows and used phrases in Irish such as "Bíodh lá deas agat" and Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh". The phrases were in Irish or bilingual and then sent a photo of their window to the competition organisers.

Cill Dara le Gaeilge provided a prize fund of €1,000 for this competition. *Barge Trip* based in Sallins won first place and will be awarded a prize of €500. *Kbowl* based in Naas came in second place and will receive €300 while Naas-based *Aroma Mocha* came in third place and will be awarded €200. We sincerely congratulate them on their victory. We expect more businesses to enter the competition next year.

Here's what the winner of the competition - Ger Loughlin, Barge Trip - had to say:

"Tá an-áthas orainn an chéad duais a bhuachan. We especially thank window artist Laura Merren. We decided when we entered the competition that if we won the competition we would award the cash prize to support refugees from Ukraine. So it's great to be able to donate the money to the *Irish Red Cross Society*".

Cill Dara le Gaeilge recently launched the scheme *Gnó Chill Dara*. This scheme supports businesses to promote their business through the use of Irish in their customer experience. The scheme is available to all businesses in the county, but the focus will be on the Naas/Sallins area for the initial phase.

The businesses will be provided with a free consultation as well as an audit of new ways of promoting their business. Businesses will be advised on bespoke marketing campaigns using online platforms and social media. *Cill Dara le Gaeilge* will be available to support businesses in the county who wish to gain national recognition with ***Gradam Gnó*** with the national organisation *Glór na nGael*. This national scheme recognises businesses that use Irish as part of their business or who provide a service through Irish.

County Kildare is recognised and renowned as the county with the largest increase in the number of Irish speakers in the country. There are ten Irish-medium schools as well as pre-schools, community groups, various organisations and summer colleges operating through Irish in the county. According to the 2016 national census, 85,426 people can speak Irish in County Kildare!

Cill Dara le Gaeilge is funded through the *Irish Language Support Scheme* of the *Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media*.

More information:

Sarah Walsh; Cill Dara le Gaeilge - sarah@cilldaralegaeilge.ie – 045397320

More information is available here https://cilldaralegaeilge.ie/gno-chill-dara/.